Aonad 4

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# MSU agus ÁSPC d'Fhostaithe

## Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí 2 Freagraí



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# MSU

1. Céard is brí leis na litreacha MSU? **Muirear Sóisialach Uilíoch**
2. Cén bhliain inar tugadh MSU isteach? **2011**
3. Cé atá freagrach as MSU a ríomh (oibriú amach) thar ceann fostaí? **Fostóir**
4. An bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

| | Ráiteas | Fíor / Bréagach |
|---|---|---|
| **1.** | Íoctar MSU ar ioncam faoi bhun €13,000 | **Bréagach** |
| **2.** | Is gá MSU ag ráta 8% a íoc ar an ioncam go léir os cionn €70,044 | **Fíor** |
| **3.** | Is gá MSU a íoc ar gach íocaíocht leasa shóisialaigh | **Bréagach** |
| **4.** | Is gá MSU a íoc ar íocaíochtaí bónais | **Fíor** |
| **5.** | I gcás daoine atá 70 bliain d'aois nó os a chionn a bhfuil cárta leighis iomlán acu, íocann siad rátaí laghdaithe MSU | **Fíor** |

# DCC agus ÁSPC

1. Céard is brí leis na litreacha DCC? **Deimhniú Creidmheasanna Cánach**
2. Liostaigh **dhá** phíosa eolais atá le fáil ar DCC.
   **Creidmheasanna cánach agus banda ráta, rátaí MSU agus banda ráta, Aitheantóir fostaíochta**
3. Cén mhí ina n-eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim DCC? **Mí na Nollag**
4. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo thíos.
   Ciallaíonn na litreacha ÁSPC **Árachas** Sóisialach Pá-**Choibhneasa**. Is éard atá ann ná ranníocaíochtaí ón **bhfostóir** agus ón bhfostaí araon. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ranníocaíochtaí ÁSPC agus is í seo an phríomhfhoinse maoinithe don Chiste Árachais **Shóisialaigh**, atá á bainistiú ag an **Roinn** Coimirce Sóisialaí. San áireamh leis na sochair a bhaineann le ranníocaíochtaí ÁSPC tá: Sochar **Máithreachais**, **Pinsin** Stáit agus Sochar **Cuardaitheora** Poist.

# MSU, DCC agus ÁSPC

Cuir ciorcal ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo thíos.

1. Úsáidtear an córas ÁSPC / **ÍMAT** chun MSU agus ÁSPC a bhailiú.
2. Is asbhaint **reachtúil** / neamhreachtúil ó phá fostaí é MSU.
3. I gcás daoine atá os cionn 60 / **70** bliain íocann siad MSU ar ráta laghdaithe má tá cárta leighis iomlán acu freisin.
4. Tá ranníocaíochtaí ÁSPC fostóra níos lú / **níos mó** ná ranníocaíochtaí a dhéanann fostaithe.
5. Tá **11** / 13 aicme éagsúla ÁSPC i gcóras na hÉireann